

# CINNÍ

**CINNEADH (EGF/2022/002 BE TNT) 2023/1430 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 15 Márta 2023**

**maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg (EGF/2022/002 BE TNT)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhóna airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach <sup>(2)</sup>, agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúrtaíthe, sin agus cúnaimh a thabhairt dóibh filleadh ar fhostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.
- (2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 mhilliún (i bpragsanna 2018) mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (3) An 18 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Bheilg iarratas isteach chun CED a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí in TNT Express ar fud an domhain (Mol Euro) SRL (TNT) sa Bheilg. Bhí faisnéis bhreise ann mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, ar faisnéis í a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Comhlíonann an t-iarratas sin na coinníollacha le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED, coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 1 956 397 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Bheilg isteach.
- (5) Chun íoslaghdaí a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun úsáid a bhaint as CED, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

<sup>(1)</sup> IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

<sup>(2)</sup> IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2023, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 1 956 397 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanais agus ina leithreasuithe íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ó 15 Márta 2023.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 15 Márta 2023.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*  
R. METSOLA

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. ROSWALL